An Coimisiún um Thodhchaí na Meán
The Future of Media Commission

**Coimisiún um Thodhchaí na Meán**

**Déardaoin, 29 Deireadh Fómhair 2020**

**Miontuairiscí**

## I láthair

### Baill an Choimisiúin

- An tOllamh Brian Mac Craith(Cathaoirleach)
- Sinéad Burke Uasal
- An tOllamh Gillian Doyle
- An Dr. Finola Doyle O'Neill
- Lynette Fay Uasal
- Siobhán Holliman Uasal
- Mark Little Uasal
- Stephen McNamara Uasal
- Nuala O'Connor Uasal
- Alan Rusbridger Uasal

### Rúnaíocht

- Andrew Munro, Rúnaí don Choimisiún um Thodhchaí na Meán, Roinn an Taoisigh
- Cathal O'Regan, Roinn an Taoisigh
- Elizabeth Lyne, Roinn an Taoisigh
- Patricia Murphy, An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- Tríona Quill, An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- Mary Mooney, An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

## 1 Tús

Chuir an Cathaoirleach tús leis na himeachtaí, chuir sé fáilte roimh na baill chuig an gcéad chruinniú agus ghabh sé buíochas leo as aontú fónamh ar an gCoimisiún.

Cuireadh físeáin ghairide ar siúl le teachtaireachtaí ón Taoiseach Micheál Martin TD, agus ón Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin, TD. Thug na teachtaireachtaí an tábhacht a bhaineann le hobair an Choimisiún ó thaobh daonlathas agus an tsochaí le fios agus gabhadh buíochas leis na comhaltaí as aontú páirt a ghlacadh in obair an Choimisiúin.

Thug an Cathaoirleach cuireadh do na rannpháirtithe ar fad ag an gcruinniú, lena n-áirítear baill an Choimisiúin agus an Rúnaíocht, iad féin a chur in aithne go hachomair.

## 2 Prionsabail Oibriúcháin agus Fódóireacht

Luaigh an Coimisiún na prionsabail oibriúcháin seo a leanas agus d'aontaigh siad orthu:

- Maidir le cur chuige an Choimisiúin ó thaobh oibre, anailíse, torthaí agus conclúidí, tá sé iomlán neamhspleách ar an Rialtas.
- Cheap an Rialtas baill an Choimisiúin mar gheall ar a gcuid saineolais phearsanta, ní mar ionadaithe ar ghrúpaí sainleasa nó earnálacha.
- Glacfaidh an Coimisiún páirt ghníomhach leis an bpobal agus leis na páirtithe leasmhara cuí chun a n-ionchur maidir leis na ceisteanna atá á meas ag an gCoimisiún a fháil.
- Beidh sé mar chuspóir ag an gCoimisiún na réitigh is fearr a fháil ar na dúshláin a iarradh orthu dul i ngleic leo.
- Beidh sé mar aidhm ag an gCoimisiún teacht ar chomhaontú maidir le torthaí agus moltaí.
- Chun an dá aidhm roimhe seo a bhaint amach, labhróidh baill an Choimisiúin go neamhbhalbh, go measúil agus go hoscailte, cinnteoidh siad go n-éistfear le gach ball agus go bpléifear an obair ar fad le hintinn oscailte.
- De réir mar atá obair an Choimisiúin ag dul ar aghaidh, láimhseálfar cainteanna inmheánacha agus aon dréacht-thorthaí nó moltaí faoi rún.
- Foilseofar miontuairiscí chruinnithe an Choimisiúin ar shuíomh idirlín an Choimisiúin.
- Táthar ag súil go bhfaighidh an Coimisiún ceisteanna ó na meáin. Tá sé beartaithe, go ginearálta, go bhfreagróidh an Rúnaíocht aon cheist a fhaightear, i gcomhar leis an Chathaoirleach, mar is cuí. Sa chás go mbeidh aon bhall ar leith i dteagmháil leis na meáin, iarrtar orthu aird a thabhairt ar phrionsabail oibriúcháin an Choimisiúin.

## 3 Plé ar Théarmaí Tagartha/Príomhcheisteanna

Thug an Cathaoirleach achoimre iomlán ar Théarmaí Tagartha maidir le hobair an Choimisiúin, de réir mar a aontaíodh leis an Rialtas. Ansin d'iarr an Cathaoirleach go bpléifí na Téarmaí Tagartha d'obair an Choimisiúin agus na príomhcheisteanna a chaithfí a fhreagairt chun na Téarmaí Tagartha a chomhlíonadh.

Bhí réimse leathan cainteanna ann ina dhiaidh sin maidir leis na príomhcheisteanna a chaithfeadh an Choimisiún dul i ngleic leo, an gá le príomhchoincheapa a leagan amach agus foinsí eolais agus bearnaí maidir le sonraí, agus an gá le chomhairliúchán agus taighde.

D'iarr an Cathaoirleach ar an Rúnaíocht athbhreithniú a dhéanamh ar na sainche isteanna a bheadh le plé ag an gCoimisiún tar éis na cainteanna sin, agus iad a leasú mar is cuí.

Ullmhóidh an Rúnaíocht pléphàipéar freisin maidir le cuid de na príomhsainmhínithe (e.g. "poiblí", "seirbhís phoiblí na meán" ...) agus páipéar faoi fhoinsí eolais, bearnaí agus riachtanais taighde agus comhairliúcháin maidir leis na meáin agus an pobal.

## 4 Bunchainteanna maidir le hAchoimre Réamh-dhréacht ar Struchtúr na Tuairisce

Chuir an Cathaoirleach tús le bunchainteanna maidir leis an struchtúr don achoimre réamh-dhréacht do thuairisc an Choimisiúin, rud a fhorbrófar mar threoir do phlean oibre an Choimisiúin, agus d'iarr sé ar na baill aon moltaí a bhí acu a chur isteach i scríbhinn.

## 5 Sceideal do Chruinnithe amach anseo

D'aontaigh na baill go dtiocfaidís le chéile gach coicís le linn thréimhse oibre an Choimisiúin.

## 6 Caingne a eascraíonn

- Ullmhóidh an Rúnaíocht pléphàipéar maidir le cuid de na príomhsainmhínithe.
- Ullmhóidh an Rúnaíocht páipéar faoi fhoinsí eolais, bearnaí agus riachtanais taighde agus comhairliúcháin maidir leis na meáin agus an phobal.
- Scaipfidh an Rúnaíocht an sceideal maidir leis na cruinnithe amach anseo.